Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

# Nóta Eolais Poiblí maidir le Rialacháin um Rialáil Tacsaithe Mholta (Uasaois Cheadaithe Tacsaithe) 2025

## Cúlra

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) freagrach as rialáil an tionscail beagfheithiclí seirbhíse poiblí (SPSV) na hÉireann.

Mar chuid d'fheidhm rialála an ÚNI, agus de réir Alt 20 de na hAchtanna um Rialáil Tacsaithe 2013 & 2016 (an tAcht), féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) rialacháin a dhéanamh maidir le cineál agus aois feithicle a fhéadfar a úsáid mar SPSV. Tugann Rialachán 31 de na Rialacháin um Rialáil Tacsaithe (Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí) 2015, arna leasú, na teorainneacha "uasaoise ceadaithe" chun feithicil a oibriú mar thacsaí caighdeánach, ar a dtugtar an riail 10 mbliana go coitianta. Áirítear le Rialáil 31 reatha:

*"(1) Faoi réir chodanna (2), (3), (4), (5), (6), (7) agus (8) is í an uasaois cheadaithe—*

*(a) Tacsaí caighdeánach, fruilcharr caighdeánach nó fruilcharr ceantair áitiúil ná deich mbliana ó dháta chéadchláraithe na feithicle,…."*

Ciallaíonn an "uasaois cheadaithe", an aois nach féidir feithicil a cheadúnú mar thacsaí a thuilleadh. Déantar aois na feithicle a ríomh ón dáta cruinn a cláraíodh í den chéad uair (lá, mí agus bliain) in aon tír/dlínse.

## Dréachtrialacháin

Tá sé mar cheann de spriocanna Chlár an Rialtais 2025: "*Síneadh a chur leis an teorainn deich mbliana feithicle do thacsaithe a cláraíodh in 2015, agus bliain eile seirbhíse a thairiscint*." Tá sé beartaithe ag an ÚNI Rialachán 31 a leasú chun éifeacht a thabhairt don sprioc seo agus rinneadh dréachtrialacháin a fhorbairt dá réir. Is í cuid 8A nua leis a ghabhann leis an Nóta Faisnéise seo, an leasú ábhartha ar Rialachán 31 sna dréacht-Rialacháin:

*"(8A) D'ainneoin aon ní in alt (1), i gcás ina sroichfeadh tacsaí caighdeánach, de bhua na tréimhse ama a shonraítear sa chuid sin (1), a uasaois cheadaithe de dheich mbliana idir 1 Eanáir 2025 agus 31 Nollaig 2025 (cibé acu roimh nó tar éis theacht i bhfeidhm do na Rialacháin Tacsaithe (Uasaois Cheadaithe Tacsaithe 2025), measfar nach mbeidh a uasaois cheadaithe sroichte aige nó go mbeidh tréimhse 12 mhí tar éis an dáta a mbeadh a uasaois cheadaithe de dheich mbliana slánaithe aige thairis sin, de bharr na tréimhse ama is infheidhme a shonraítear in alt (1) gan an chuid seo (8A) a chur i bhfeidhm."*

## Próiseas Comhairliúcháin

I gcomhréir leis an Acht, foilsítear dréachtrialacháin atá dírithe ar shíneadh bliain amháin a chuir leis an teorainn deich mbliana feithicle do thacsaithe a cláraíodh in 2015, in éineacht leis an Nóta Faisnéise seo le haghaidh comhairliúcháin. Tugann an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) cuireadh anois don phobal, do shealbhóirí ceadúnais SPSV, agus do gach páirtí leasmhar a gcuid freagraí ar an gcomhairliúchán seo a sheoladh isteach. Cuirfidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI) gach uiríoll san áireamh, sula ndéanfar cinneadh ar na Rialacháin atá beartaithe.

Fanfaidh an comhairliúchán ar oscailt go dtí deireadh an lae **Dé Céadaoin 12 Márta, 2025**.